2026/1152

26.5.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/1152 ÓN gCOMHAIRLE

## an 22 Bealtaine 2026

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/976

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 1996, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir a cheapadh.

(2) An 20 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/976 ([1]), lenar ceapadh Christophe BIGOT ina ISAE le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir. Rachaidh sainordú ISAE in éag an 31 Bealtaine 2026.

(3) Is tosaíocht straitéiseach ag an Aontas réiteach na coinbhleachta idir Iosrael agus an Phalaistín agus ní mór don Aontas leanúint de bheith rannpháirteach go gníomhach go dtí go réiteofar an choinbhleacht sin ar bhonn réiteach an dá stát.

(4) Tá an tAontas tiomanta do shíocháin chuimsitheach bhuan do réigiún an Mheánoirthir ar fad agus tá sé réidh chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun na críche sin.

(5) Ba cheart síneadh 21 mhí breise a chur le sainordú ISAE agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028.

(6) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/976 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Leis seo, ceaptar Christophe BIGOT ina Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir ón 2 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026.

([1]) Cinneadh (CBES) 2025/976 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir (IO L, 2025/976, 21.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/976/oj).

Cuirtear síneadh go dtí an 29 Feabhra 2028 le sainordú Christophe BIGOT mar ISAE le haghaidh Phróiseas Síochána an Mheánoirthir.

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (“an tArdionadaí”).’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh sainordú ISAE bunaithe ar an gcuspóir foriomlán síocháin chóir bhuan agus chuimsitheach don réigiún ina iomláine a bhaint amach ar bhonn réiteach an dá stát, ina mbeidh Iosrael agus Stát Palaistíneach – a bheidh daonlathach, comhtheagmhálach, inmharthanach, síochánta agus ceannasach – ag maireachtáil taobh le taobh laistigh de theorainneacha slána aitheanta, agus gnáthchaidreamh acu lena gcomharsana i gcomhréir leis na Rúin ábhartha 242 (1967) agus 338 (1973) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), agus Rúin ábhartha eile ó CSNA á dtabhairt chun cuimhne, lena n-áirítear Rúin 2334 (2016) agus 2803 (2025) ó CSNA, prionsabail Mhaidrid, lena n-áirítear talamh le haghaidh síochána, an Treochlár, na comhaontuithe ar tháinig na páirtithe orthu roimhe seo, an Tionscnamh Síochána Arabach, agus na moltaí a rinne Ceathairéad an Mheánoirthir an 1 Iúil 2016. I bhfianaise na ngnéithe éagsúla den chaidreamh idir Iosrael agus na hArabaigh, is cuid bhunriachtanach don tsíocháin chuimsitheach í an ghné réigiúnach.’;

(3) Leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) rannchuidiú gníomhach agus éifeachtúil ón Aontas a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh as a dtiocfaidh socrú críochnaitheach ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín bunaithe ar réiteach an dá stát i gcomhréir le paraiméadair an Aontais agus le Rúin ábhartha ó CSNA, lena n-áirítear Rúin 2334 (2016) agus 2803 (2025) ó CSNA, agus tograí a chur ar aghaidh maidir le gníomhaíocht an Aontais i ndáil leis an méid seo;’;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(da) rannchuidiú le cur chun feidhme an Phlean Chuimsithigh chun Deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza i gcomhréir le Rún 2803 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;’;

(4) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tabharfaidh ISAE faoi chuairteanna rialta ar an réigiún agus áiritheoidh sé go mbeidh dlúthchomhar ann le toscaireachtaí ábhartha an Aontais ar fud an réigiúin, lena n-áirítear Oifig Ionadaí an Aontais Eorpaigh (an Bruach Thiar agus Stráice Gaza, UNRWA), Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig Stát Iosrael agus, tríothu sin, le hionadaíochtaí taidhleoireachta na mBallstát.’;

(5) in Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Is é EUR 2 754 227,42 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas don tréimhse dar tús an 1 Meitheamh 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028 a chumhdach.’;

(6) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Comhlonnófar foireann ISAE le roinn ábhartha SEGS, le Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig Stát Iosrael agus le hOifig Ionadaí an Aontais Eorpaigh (an Bruach Thiar agus Stráice Gaza, UNRWA) chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú.’;

(7) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú habairt:

'Soláthróidh ISAE seisiúin faisnéise rialta do Thoscaireachtaí an Aontais agus d'ionadaíochtaí taidhleoireachta na mBallstát, lena n-áirítear Oifig Ionadaí an Aontais Eorpaigh (an Bruach Thiar agus Stráice Gaza, UNRWA) agus Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig Stát Iosrael.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:

'Déanfaidh ISAE, i ndlúthchomhar le ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig Stát Iosrael agus Oifig Ionadaí an Aontais Eorpaigh (an Bruach Thiar agus Stráice Gaza, UNRWA), treoir pholaitiúil áitiúil a sholáthar do cheannairí Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) agus do Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah).';

(8) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid an Ardionadaí, na Comhairle agus an Choimisiúin mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 30 Samhain 2027.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. DAMIANOS